**Cúntóir Teicniúil Páirtaimseartha**

Post ar conradh – 12 mhí ó 1 Feabhra 2015

Tá FIONTAR ag earcú **cúntóir teicniúil páirtaimseartha** ar conradh bliana chun 2.5 lá sa tseachtain a chaitheamh ag obair ar thionscadail éagsúla sna daonnachtaí digiteacha Gaeilge. Tá sé thionscadal taighde faoi chúram FIONTAR faoi láthair, agus d'fhéadfadh obair ar na tionscadail éagsúla a bheith i gceist ó am go ham: www.logainm.ie, www.focal.ie, www.ainm.ie, www.iate.europa.eu (na téarmaí Gaeilge), tionscadal téarmaí dlí agus www.duchas.ie, comhthionscadal le UCD chun digitiú a dhéanamh ar Chnuasach Bhéaloideas Éireann. Beidh an cúntóir teicniúil páirteach i meitheal idirdhisciplíneach FIONTAR.

**Riachtanais:**
Bunchéim onóracha sa ríomhaireacht nó i ndisciplín gaolmhar. Bheadh taithí ábhartha ina chuidiú. Ní mór don iarrthóir scileanna maithe ríomhaireachta, ríomhchláraithe, agus scríbhneoireachta a bheith aige/aici, chomh maith le cumas maith i labhairt, i léamh, agus i scríobh na Gaeilge.

Ní mór a bheith sásta oibriú i meitheal idirdhisciplíneach, a bheith dea-eagraithe, tionscantach agus in ann spriocanna a chomhlíonadh. Beidh solúbthacht áirithe sna huaireanta oibre agus d'fhéadfadh sé go n-oirfeadh an deis seo go maith do mhac léinn iarchéime atá i mbun taighde sa ríomhaireacht nó sa ríomhtheangeolaíocht.

Beidh an post seo lonnaithe ar champas DCU.

**Tuarastal: €16,986.50**

Tá fáilte roimh iarrthóirí teagmháil le FIONTAR chun an post seo a phlé: An Dr Brian Ó Raghallaigh (01-7005615); brian.oraghallaigh@dcu.ie

Spriocdháta iarratais: 31 Deireadh Fómhair 2014.

Ba chóir (i) litir iarratais i nGaeilge agus (ii) CV iomlán a chur chuig clare.coughlan@dcu.ie faoin spriocdháta thuasluaite.

Fostóir comhdheiseanna is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Déanann an Roinn Ealaíon Oidhreachta agus Gaeltachta, le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta, páirtmhaoiniú ar chuid de na tionscadail seo.